Conradh na Gaeilge

Conradh na Gaeilge
Gaeláras Mhic Ardghail
Sráid an tSéipéil
An tIúr
BT34 2DZ

*(English Language version follows)*

A Phríomhfheidhmeannaigh, a chara,

Is í **Seachtain na Gaeilge**, a bhíonn ar siúl idir 1 Márta go dtí Lá Fhéile Pádraig, an fhéile Ghaeilge is mó agus is fadmharthanaí sa bhliainfhéilire. Tagann pobail agus grúpaí le chéile, go háitiúil agus thar sáile, chun imeachtaí a eagrú le béim ar an Ghaeilge. Bíonn imeachtaí ann ar nós dianchúrsaí teanga, cóisirí sráide, agus go leor eile. Cuidíonn agus spreagann muidne i gConradh na Gaeilge – an grúpa abhcóideachta ar son na Gaeilge – an oiread grúpaí agus is féidir le páirt a ghlacadh in imeachtaí **Seachtain na Gaeilge**, is cuma cé chomh mór nó chomh beag is atá an imeacht.

Ar an ábhar seo, iarraimid ort i do ról mar phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste dul i dteagmháil le hionadaithe tofa Chathair Bhéal Feirste agus le pobal na Gaeilge i do cheantar i dtreo is go mbeidh **Seachtain na Gaeilge** á cur chun cinn go bliantúil i gceantar na Comhairle.

Molann Conradh na Gaeilge go gcuirfeadh Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ciste faoi leith ar fáil do ghrúpaí pobail Gaeilge chun cuidiú leo a n-imeachtaí féin a eagrú le linn **Seachtain na Gaeilge**. Tuigtear dúinn go gcuireann roinnt comhairlí scéimeanna miondeontais téamacha ar fáil go bliantúil agus creidimid go gcuirfeadh a leithéid go mór leis an athbheochan leanúnach sa Ghaeilge ag leibhéal an phobail, athbheochan a bhfuil an iomaí buntáiste ag baint léi.

Ina theannta sin, mholfaimís don Chomhairle plé a dhéanamh le pobal na Gaeilge go háitiúil chun amharc ar na bealaí is fearr le hardán a chur ar fáil le ceiliúradh a dhéanamh ar an phobal le linn **Seachtain na Gaeilge**. Tá Conradh na Gaeilge ar fáil chun rannpháirtíocht a éascú leis an phobal áitiúil agus chun ceist ar bith eile a bhaineann le cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge a phlé.

Ceangailte anseo tá leabhrán dátheangach faoi 'Sheachtain na Gaeilge 2018',in éineacht le próifílí teanga do gach comhairle agus iarraimid ort an ríomhphost seo a dháileadh i measc na mball tofa sa Chomhairle.

Le meas,
Seán Ó Murchadha
Oifigeach Ardú Feasachta
Conradh na Gaeilge
028 30257812 / 07548 393601

Conradh na Gaeilge
Gaeláras Mhic Ardghail
Sráid an tSéipéil
An tIúr
BT34 2DZ

Dear Chief Executive,

**Seachtain na Gaeilge** (Irish Language week), which takes place from the 1st of March to St. Patrick's Day, is the biggest and longest running Irish language festive event in the calendar year. Communities and groups, both locally and abroad, come together to organise events with a focus on the Irish language. These events range from intensive language courses, to street parties and everything in between. We in Conradh na Gaeilge, the Irish language advocacy group, encourage and assist as many groups as possible to involve themselves in some way in **Seachtain na Gaeilge**, no matter how small or big the event.

With this in mind, we would ask you as Chief Executive of Belfast City Council to engage with the elected representatives of the council and the Irish speaking community in your borough so that the council would promote **Seachtain na Gaeilge** annually within its area.

Conradh na Gaeilge asks that your council provide a specific fund to local Irish language community groups to support them to organise their own events during **Seachtain na Gaeilge.** We are aware that many councils provide thematic small grant schemes annually and we believe this would contribute significantly to the ongoing revival of Irish at community level, with all of the benefits that flow from that.

Furthermore, we would encourage Belfast City Council to engage with the local Irish Language community to explore ways to best showcase their celebration of Irish within the dates of **Seachtain na Gaeilge**. Conradh na Gaeilge would be available to facilitate engagements with the local community to assist the council with this with and with any other issue in relation to the protection and promotion of the language.

We have attached the 2018 bilingual booklet about **Seachtain na Gaeilge** to this email, along with a language profile of each council and we would ask you to distribute the email to the elected members of the council.

Le meas,

Seán Ó Murchadha
Language Awareness Officer
Conradh na Gaeilge
028 30257812 / 07548 393601

Conradh na Gaeilge



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
+353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie